CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1101 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa cheathrú seisiún is seachtó den Chomhthionól Eagraíochta Domhanda Sláinte

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear in Airteagal 21(1), an dara fomhír, den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas le féachaint le caidrimh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó domhanda a pháirtíonn na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 21(1), an chéad fhomhír. Foráiltear leis an dara fomhír sin freisin go bhfuil an tAontas chun réitigh iltaobhacha ar fhadhbanna coiteanna a chur chun cinn, go háirithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe.

(2) De bhun Airteagal 168(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an tAontas agus na Ballstáit chun comhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta atá inniúil i réimse na sláinte poiblí a chothú.

(3) Tháinig Bunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte ("an Comhaontú") i bhfeidhm an 7 Aibreán 1948.

(4) De bhun Airteagal 60 den Chomhaontú, féadfaidh an Comhthionól Domhanda Sláinte cinntí a ghlacadh trí thromlach Chomhaltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) atá i láthair agus a vótálann.

(5) Le linn a cheathrú seisiún is seachtó a thosóidh ar an 24 Bealtaine 2021, tá an Comhthionól Domhanda Sláinte le cinneadh a ghlacadh maidir le Cruinniú Idir-rialtasach a bhunú chun Creat-Choinbhinsiún EDS maidir le hUllmhacht agus Freagairt i ndáil le Paindéimí a dhréachtú agus a chaibidliú.

(6) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhthionól Domhanda Sláinte, ós rud é go gcinnfear le cinneadh an Chomhthionóil Dhomhanda Sláinte cumas an Aontais, in éineacht lena Bhallstáit, a bheith rannpháirteach i ndréachtú agus i gcaibidiú Chreat-Choinbhinsiún EDS maidir le hUllmhacht agus Freagairt i ndáil le Paindéimí a mbeadh an fhéidearthacht ag an Aontas a bheith ina pháirtí ann mar Eagraíocht um Lánpháirtíocht Eacnamaíoch Réigiúnach.

(7) Cuirfear leis an gcomhar idirnáisiúnta a dhéanfar i bhfreagairt do phaindéimí laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe tríd an Aontas a bheith rannpháirteach i ndréachtú agus i gcaibidliú Chreat-Choinbhinsiún de chuid EDS maidir le hUllmhacht agus Freagairt i ndáil le Paindéimí agus trí aontachas féideartha an Aontais de bhreis ar Bhallstáit an Aontais leis an gCoinbhinsiún.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 168(7) CFAE, ba cheart urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar, i gcaitheamh phróiseas na caibildíochta.

(9) Tá na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Chomhthionól Domhanda Sláinte chun seasamh an Aontais a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leanas a bheidh an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa cheathrú seisiún is seachtó den Chomhthionól Domhanda Sláinte:

Tacaíonn an tAontas Eorpach le próiseas de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte a bhunú le haghaidh Creat-Choinbhinsiún nua maidir le hUllmhacht agus Freagairt i ndáil le Paindéimí agus ní mór, faoi chuimsiú inniúlacht an Aontais, ligean dó a bheith rannpháirteach mar pháirtí conarthach i gconradh den sórt sin.

Ní mór don chinneadh ón gComhthionól Domhanda Sláinte, lena leagtar amach gnéithe nós imeachta na caibidlíochta, ligean don Aontas a bheith rannpháirteach sa phróiseas caibidlíochta lena dtugtar aghaidh ar ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, i bhfianaise aontachas féideartha an Aontais leis an gCoinbhinsiún mar Eagraíocht um Lánpháirtíocht Eacnamaíoch Réigiúnach.

Ba cheart an rannpháirtíocht sin a bhaint amach trí thagairtí sonracha a chur isteach i gcorp téacs an chinnidh lena soiléirítear go mbeidh aon chomhlacht idir-rialtasach a chuirfear ar bun chun an Coinbhinsiún a dhréachtú agus a chaibidliú oscailte le haghaidh Eagraíochtaí um Lánpháirtíocht Eacnamaíoch Réigiúnach a bheith rannpháirteach ann.

Airteagal 2

Is iad na Ballstáit de chuid an Aontais atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SANTOS SILVA